eba European Banking Authority

# Achoimre Feidhmiúcháin ar Thuarascáil Bhliantúil 2023

I dTuarascáil Bhliantúil 2023 an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE), cuirtear i láthair príomhéachtaí agus príomhghníomhaíochtaí na heagraíochta maidir lena sainordú a chomhlíonadh agus a Clár Oibre le 12 mhí anuas. Cuirtear an méid atá bainte amach ag ÚBE i láthair i gcomhthéacs forbairtí maicreacnamaíocha agus geopholaitiúla.

Leagtar béim sa tuarascáil ar mhisean ÚBE rannchuidiú le cobhsaíocht agus éifeachtacht chóras airgeadais na hEorpa trí rialáil shimplí, chomhsheasmhach, thrédhearcach, chothrom agus trí mhaoirseacht a théann chun tairbhe shaoránaigh uile an Aontais.

### Bailchríoch a chur ar chur chun feidhme Basel 3 san Aontas

D'fhoilsigh ÚBE treochlár chun treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme Basel 3, ailíniú le rialacháin bhaincéireachta nua an Aontais, leis an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR 3) agus leis an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil (CRD 6). Dhírigh ÚBE ar thuairisciú, ar phriacal margaidh, agus ar threoirlínte samhla inmheánaí. I measc na bpríomhréimsí oibre bhí urrúsú, eisiúintí caipitil, rioscaí leachtachta, rioscaí ráta úis agus cóineasú maoirseachta, agus táthar ag súil le 140 sainordú nua in 2024 agus ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, d'oibrigh ÚBE ar rialacháin gnólachtaí infheistíochta agus d'eisigh sé nuashonruithe maidir le bannaí faoi chumhdach, cistí dílse, rialachas agus éagsúlacht. Táthar ag súil le grinnscrúdú feabhsaithe ar rochtain ar an margadh agus ar riosca an ráta úis i dtríú tíortha sna rioscaí a bhaineann leis an leabhar baincéireachta (IRRBB) sna blianta amach romhainn.

### Tástáil struis fheabhsaithe a reáchtáil ar fud an Aontais

In 2023, rinne ÚBE tástáil struis ar fud an Aontais, lenar leathnaíodh an sampla go 70 banc ar fud 16 thír, lenar cumhdaíodh 75 % de shócmhainní baincéireachta an Aontais. Rinneadh measúnú sa tástáil ar athléimneacht na mbanc faoi chásanna bonnlíne agus díobhálacha, lena n-ionchorpraítear réamh-mheastacháin mhaoirseachta ón mbarr anuas maidir le glantáille agus ioncam coimisiúin. Den chéad uair, áiríodh ann sonraí mionsonraithe maidir le caillteanas creidmheasa earnála chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar neamhchinnteachtaí eacnamaíocha. Léiríodh sna torthaí go bhfuil bainc na hEorpa fós athléimneach in ainneoin cúlú mór, boilsciú ard, rátaí úis atá ag ardú agus raonta difríochta creidmheasa.

Ina theannta sin, rinne ÚBE anailís *ad hoc* ar chaillteanais bannaí neamhréadaithe agus thug sé dá aire, amhail ó mhí Feabhra 2023, go raibh caillteanais neamhréadaithe de EUR 75 bhilliún ag na bainc ar bhannaí ar chostas amúchta, a maolaíodh le EUR 38 mbilliún i bhfáluithe. Measadh go raibh na caillteanais sin soláimhsithe. Thosaigh ÚBE freisin ar chás riosca aeráide 'Oiriúnach do 55' a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar athléimneacht na hearnála airgeadais agus ar thacaíocht d'aistriú ísealcharbóin faoi strus.

## Sonraí a chur ar fáil chun fónamh do pháirtithe leasmhara

Chuir ÚBE a straitéis sonraí chun cinn, ag díriú ar fheabhas a chur ar fháil, comhroinnt agus anailís sonraí rialála tríd an ardán um Bonneagar Láraithe Eorpach le haghaidh Sonraí Maoirseachta (EUCLID). Leis sin, bhíothas in ann sreabhadh sonraí idir páirtithe leasmhara a fheabhsú, rud a chuir borradh faoin trédhearcacht, faoin anailís riosca agus faoin gcomhlíonadh rialála. Thacaigh an straitéis freisin le mol sonraí Cholún 3 a chur chun feidhme agus ullmhaíodh í le haghaidh chleachtadh trédhearcachta 2023, lenar soláthraíodh breis agus 1.2 milliún pointe sonraí. Ina theannta sin, chuir ÚBE bailchríoch ar chaighdeán na samhla pointe sonraí (DPM) 2.0 chun próisis tuairiscithe a chuíchóiriú, costais a laghdú agus tuairisciú rialála digiteach a chumasú. D'oibrigh ÚBE i dtreo creataí maoirseachta, staidrimh agus tuairiscithe réitigh a chomhtháthú, ag baint tairbhe as nuálaíochtaí teicneolaíochta chun ualaí tuairiscithe agus costais chomhlíontachta a laghdú, agus réitigh RegTech á gcur chun cinn ag an am céanna.

## Maoiniú digiteach agus sainorduithe MiCAR/DORA a chur i gcrích

Chuir ÚBE a chuid oibre ar an Rialachán maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais (DORA) agus ar an Rialachán maidir le margaí criptea-shócmhainní (MiCAR) chun cinn. Tá sé mar aidhm ag DORA, atá éifeachtach ó mhí Eanáir 2025, athléimneacht dhigiteach earnáil airgeadais an Aontais a fheabhsú. Chuir ÚBE, i gcomhar le hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha eile, tús le comhairliúcháin agus dhréachtaigh sé beartais maidir le bainistiú riosca teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus tuairisciú teagmhas. D'ullmhaigh siad freisin chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe TFC tríú páirtí criticiúla.

Le MiCAR, atá i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh 2023, rialaítear criptea-shócmhainní. Sheol ÚBE comhairliúcháin maidir le caighdeáin theicniúla d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha (ARTanna) agus comharthaí ríomh-airgid (EMTanna), ag díriú ar rialachas, ar thástáil struis agus ar rochtain ar an margadh. Chun tacú le haistriú an tionscail, d'fhoilsigh ÚBE treoirlínte, spreag sé comhlíontacht luath agus d'fhorbair sé creataí maoirseachta. Rinne ÚBE faireachán freisin ar nuálaíochtaí airgeadais amhail criptea-airgeadra, intleacht shaorga agus mórtheicneolaíocht, agus ag an am céanna rinne sé curaclam oiliúna a fhorbairt le haghaidh maoirseacht airgeadais dhigitigh trí Acadamh Maoirseachta Airgeadais Dhigitigh an Aontais.

## Feabhas a chur ar an acmhainneacht chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac san Aontas

In 2023, chuir ÚBE feabhas ar a chumas sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta (ML/TF) a chomhrac ar fud an Aontais. Thug sé treoirlínte cothrom le dáta agus d'eisigh sé treoirlínte nua, ag díriú ar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní (SSCSanna) agus ar chomhlíonadh beart sriantach. Tugadh tús áite freisin do dhul i ngleic le saincheisteanna amhail dí-rioscú agus rochtain ar sheirbhísí airgeadais do ghrúpaí leochaileacha. Thacaigh ÚBE le bainistiú riosca ML/TF agus bhunaigh sé breis agus 260 coláiste frithsciúrtha airgid agus frithmhaoinithe sceimhlitheoireachta (AML/CFT) le haghaidh maoirseacht chomhordaithe.

I measc na bpríomhthionscnamh bhí seoladh an chórais tuairiscithe Eorpaigh um laigí ábhartha CFT/AML (EuReCA), bunachar sonraí lárnach lena rianaítear easnaimh AML/CFT, agus athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte maidir le haistrithe cistí agus criptea-shócmhainní. D'éascaigh ÚBE an t-aistriú chuig an Údarás nua um Fhrithsciúradh Airgid freisin, rud a d'áirithigh aistriú rianúil freagrachtaí agus a mhúnlaigh an creat AML/CFT a bheidh ann amach anseo.

## Treochlár ESG a chur chun feidhme

Chuir ÚBE a threochlár comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) chun cinn, ag díriú ar rioscaí ESG a chomhtháthú sa chreat baincéireachta chun tacú le haistriú inbhuanaithe an Aontais. Áiríodh ar na príomhghníomhaíochtaí measúnú a dhéanamh ar láimhseáil stuamachta rioscaí ESG, tuarascáil a fhoilsiú ar ról na rioscaí comhshaoil agus sóisialta, agus feabhsuithe a mholadh chun dlús a chur lena gcomhtháthú. D'eisigh ÚBE treoirlínte freisin maidir le rioscaí ESG a bhainistiú agus d'oibrigh sé ar thrédhearcacht a fheabhsú trí tháscairí drochthionchar príomha (PAI). Thug sé aghaidh ar ghlas-snasú san earnáil airgeadais agus thug sé comhairle maidir le hiasachtaí glasa agus morgáistí glasa. Ina theannta sin, d'ullmhaigh ÚBE don anailís ar chásanna riosca aeráide 'Oiriúnach do 55' chun measúnú a dhéanamh ar athléimneacht na hearnála airgeadais i leith rioscaí a bhaineann leis an aeráid.

## Measúnú riosca

Lean ÚBE de mheasúnú a dhéanamh ar rioscaí agus leochaileachtaí in earnáil baincéireachta an Aontais, ag díriú ar dhúshláin amhail ionradh na Rúise ar an Úcráin, éagobhsaíocht sa mhargadh airgeadais, boilsciú agus rátaí úis atá ag ardú. D'ainneoin na ndúshlán sin, bhí earnáil baincéireachta an Aontais fós athléimneach, le caipitliú ard (cóimheas caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ag 16 %) agus brabúsacht láidir. Mar sin féin, tá rioscaí fós ann a bhaineann le rátaí úis atá ag dul i méid, moilliú eacnamaíoch agus rioscaí oibríochtúla amhail cibearbhagairtí. Rinne ÚBE faireachán ar phleananna leachtachta, ualaithe sócmhainní agus cistiúcháin, agus d'fhoilsigh sé príomhthorthaí i dtuarascálacha amhail an Tuarascáil Mheasúnaithe Riosca, staidéir leachtachta agus teasléaráid ar bhainistíocht riosca ráta úis.

## Téarnamh agus réiteach

mIn 2023, chuir ÚBE feabhas ar an gcreat téarnaimh agus réitigh trí threoirlínte a fhorbairt maidir le feidhmiú na huirlise tarrthála inmheánaí agus tástáil inréititheachta. D'fhoilsigh sé treoirlínte deiridh maidir leis an acmhainneacht téarnaimh fhoriomlán chun pleananna téarnaimh a chomhchuibhiú. Rinne ÚBE faireachán freisin ar chóineasú an chreata réitigh agus ar fhorbairt acmhainní ICDI (íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe) chun ullmhacht agus athléimneacht i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú.

## Seirbhísí íocaíochta

D'oibrigh ÚBE chun éifeachtúlacht, slándáil agus inúsáidteacht íocaíochtaí miondíola a fheabhsú ar fud an Aontais. Príomhsprioc insoláthartha ab ea athbhreithniú piaraí ar údarú institiúidí íocaíochta faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD 2), inar leagadh béim ar fheabhsuithe

trédhearcachta ach ar neamhréireachtaí rialála freisin. Thacaigh ÚBE le forbairt PSD3 ag an gCoimisiún Eorpach agus lean sé de mheasúnú a dhéanamh ar shonraí calaoise íocaíochta.

### Cosaint tomhaltóirí agus taisceoirí

In 2023, chuir ÚBE cosaint tomhaltóirí agus taisceoirí chun cinn trí ghníomhaíochtaí rúnsiopadóireachta a chomhordú, táscairí riosca miondíola a fhorbairt agus tuarascálacha cosanta tomhaltóirí a fhoilsiú. I measc na bpríomhthionscnamh bhí feabhas a chur ar thrédhearcacht i seirbhísí creidmheasa agus láimhseáil gearán. Rinne ÚBE athbhreithniú freisin ar scéimeanna ráthaithe taiscí agus rinne sé anailís ar athruithe ar chumhdach taiscí, rud a chuir feabhas ar chosaint taisceoirí agus ar chobhsaíocht airgeadais.

### Cóineasú maoirseachta agus neamhspleáchas

Rinne ÚBE idirghabháil i ndíospóid idir scéimeanna ráthaíochta taiscí na Spáinne agus na Beilge agus thug sé isteach comhchritéir ÚMEnna maidir le neamhspleáchas maoirseachta. Rinne sé roinnt athbhreithnithe piaraí freisin, ag díriú ar údarú, ar chóireáil iasachtaithe morgáiste, agus ar shealúchais cháilitheacha, arb é is aidhm dóibh cleachtais mhaoirseachta a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn ar fud na n-earnálacha.